2026/1329

11.6.2026

CINNEADH (AE) 2026/1329 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Meitheamh 2026

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe earnála idir an tAontas agus an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv *, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia, faoi seach, maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia, faoi seach, maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe earnála idir an tAontas agus an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia, faoi seach, maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Airteagal 4

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu (COELA), a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil don choiste speisialta sin go tráthrialta faoi dhul chun cinn na caibidlíochta.

Ina theannta sin, déanfar an chaibidlíocht maidir le saincheisteanna fánaíochta i gcomhairle leis an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 4 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. FITIRIS

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.